Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/1279

26.6.2025

# CINNEADH (CBES) 2025/1279 ÓN gCOMHAIRLE

## an 26 Meitheamh 2025

## lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/2643 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2643 ([1]).

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus gníomhaíochtaí urchóideacha na Rúise atá dírithe ar an Aontas, ar a Bhallstáit, ar eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ar thríú tíortha á gcáineadh aige.

(3) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart beirt daoine nádúrtha a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2024/2643 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meitheamh 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. SZŁAPKA

---

([1]) Cinneadh (CBES) 2024/2643 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2024 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise (IO L, 2024/2643, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2643/oj).

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643, faoin gceannteideal 'A. Daoine nádúrtha', cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '38. | Nathalie YAMB | Dáta breithe: 22.7.1969<br>Áit bhreithe: La Chaux-de-Fonds, an Eilvéis<br>Náisiúntacht: Eilvéiseach agus Camarúnach<br>Inscne: baineann | Is tionchaire meán sóisialta í Nathalie Yamb. Ó bhí cruinniú mullaigh Sochi ann in 2019, inar ghlac sí páirt, tá Nathalie Yamb ag tacú go neamhbhalbh leis an Rúis, tá teanga Mhoscó glactha aici agus bíonn sí ag díriú go háirithe ar an bhFrainc agus ar an Iarthar, d'fhonn iad a ruaigeadh ó mhór-roinn na hAfraice. Tá naisc shonracha aici le AFRIC, eagraíocht atá bainteach le cuideachtaí míleata príobháideacha na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá Nathalie Yamb ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i roinnt dá Bhallstáit, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin, trí ionramháil ar fhaisnéis a úsáid. | 26.6.2025'. |



ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1279/oj